

Tuiscint ar an Dráma Ceacht a Dó

Naisc leis an gCuraclam:		
Na hAmharcealaíona	Snáith: Líníocht	Snáithaonaid: Ag déanamh líníochtaí, Breathnú agus freagairt
Ceol	Snáith: Éisteacht agus Freagairt	Snáithaonad: Ag éisteacht le ceol agus ag freagairt dó
Gaeilge	Snáitheanna: Éisteacht, Labhairt	Snáithaonaid: Ag cothú spéise, Ag úsáid teanga

Gníomhaíocht a hAon – Amhrán na Mothúcháin/The Feelings Song Gníomhaíocht a Dó – Freagra Físiúil Gníomhaíocht a Trí – Cathaoir an Ealaíontóra

Cuspóirí:

- *Beidh sé ar chumas na bpáistí freagra a thabhairt ar an scéal Nuair a bhuail Jackie le cara nua trí mheán pictiúir a tharraingt.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí plé a dhéanamh ar na mothúcháin éagsúla sa scéal agus san amhrán 'The Feelings Song'.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí obair i ngrúpaí beaga ag freagairt do agus ag athinsint an scéil Nuair a bhuail Jackie le cara nua.*

Gníomhaíocht a hAon - Amhrán na Mothúcháin/The Feelings Song

- Roinn an rang i ngrúpaí 4/5.
- Tabhair cuireadh do na páistí éisteacht le agus féachaint ar The Feelings Song (amhrán as Béarla) ar an gClár Bán Idirghníomhach. <http://songlibrary.net/What-Im-Feeling.html> nó <http://youtube.com/watch?v=UsISd1AMNYU>
- Iarr ar an rang díriú ar na mothúcháin éagsúla a léirítear san amhrán.
- Iarr ar na grúpaí plé a dhéanamh ar The Feelings Song ar feadh cúpla nóiméad agus naisc leis an scéal (Nuair a bhuail Jackie le cara nua) a aimsiú. Mar shampla, i rith an fhíseáin, bhí an cailín ar buile agus bhí fearg ar an mbuachaill agus bhí na mothúcháin cheanna ag Jamie agus Jackie sa scéal.

Gníomhaíocht a Dó - Freagra Físiúil

- Iarr ar na grúpaí a gcuid tuairimí a nochtadh leis an rang ar fad. Scríobh na focail nó na smaointe ar an gClár Bán mar déanfaidh na páistí tagairt dóibh agus iad i mbun na bpictiúir.
- Tabhair amach leathanach glan do gach páiste. Mínigh don rang go mbeidh siad ar fad ag déanamh cur síos ar eachtaí Nuair a bhuail Jackie le cara nua i bhfoirm pictiúir.
- Tabhair dóthain ama do na páistí a bpictiúir a chríochnú. Más maith leat, seinn an t-amhrán uair nó dho arís agus iad i mbun oibre.

Gníomhaíocht a Trí - Cathaoir an Ealaíontóra

- Tabhair cuireadh do na páistí páirt a ghlacadh i gCathaoir an Ealaíontóra.
- Iarr ar gach páiste (nó roinnt páistí muna bhfuil dóthain ama) sí i gCathaoir speisialta chun cur síos a dhéanamh ar a p(h)ictiúr féin.
- Is féidir leis na páistí eile aischothú (dearfach) a thabhairt agus ceisteanna a chur.
- Biodh an obair ar fad ar thaispeaint sa seomra ranga.